Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9179/26**

**FIN 669**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Piotr SERAFIN, Comhalta den Choimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 18 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Makis KERAVNOS, Uachtarán Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | BUDGET DEC(2026) 8 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 08/2026 i Roinn III - an Coimisiún - den bhuiséad ginearálta do 2026 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad BUDGET DEC(2026) 8.

---

Faoi iamh: BUDGET DEC(2026) 8

AN COIMISIÚN EORPACH

AN BHRUISÉIL, 18/05/2026

AN BUISÉAD GINEARÁLTA - 2026
ROINN III - TEIDIL AN CHOIMISIÚIN: 16, 30

AISTRIÚ LEITHREASUITHE UIMH. **DEC08/2026**

## ÓN MÉID SEO A LEANAS

**CAIBIDIL -** 3004 Sásraí dlúthpháirtíochta (ionstraimí speisialta)

| | | |
|---|---|---|
| MÍR - 30 04 01 01 An Cúlchiste Eorpach Dlúthpháirtíochta | Gealltanais | -215 141 182,00 |
| | Íocaíochtaí | -215 141 182,00 |

## GO DTÍ

**CAIBIDIL -** 1602 Slógadh sásraí dlúthpháirtíochta (ionstraimí speisialta)

| | | |
|---|---|---|
| MÍR - 16 02 01 01 Cúnamh do na Ballstáit i ndáil le himeachtaí atá incháilithe faoi Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE) | Gealltanais | 215 141 182,00 |
| | Íocaíochtaí | 215 141 182,00 |

## Laghdú

### a) Ceannteideal

**30 04 01 01 - Cúlchiste Eorpach Dlúthpháirtíochta**

### b) Figiúirí an 29/04/2026

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 1 140 405 931,00 | 1 140 405 931,00 |
| 2 Leithreasuithe sa bhuiséad (arna dtabhairt anonn ó bhlianta roimhe sin) | 449 506,00 | 449 506,00 |
| 3 Aistrithe (lena n-áirítear aistrithe atá le formheas) | 0,00 | 0,00 |
| 4 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2+3) | 1 140 855 437,00 | 1 140 855 437,00 |
| 5 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 0,00 | 0,00 |
| **6 Leithreasuithe ar fáil (4-5)** | **1 140 855 437,00** | **1 140 855 437,00** |
| **7 An laghdú a mholtar** | **215 141 182,00** | **215 141 182,00** |
| **8 Iomlán na leithreasuithe suas go dtí deireadh na bliana (6-7)** | **925 714 255,00** | **925 714 255,00** |
| 9 An laghdú mar chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad [7/(1+2)] | 18,86 % | 18,86 % |
| 10 An laghdú, mar chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, ar shuim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach | neamhbhainteach |

### c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt anonn ón mbliain roimhe)

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe ar fáil ag tús na bliana | 0,00 | 0,00 |
| 2 Leithreasuithe ar fáil an 29/04/2026 | 0,00 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | neamhbhainteach | neamhbhainteach |

### d) Forais mhionsonraithe leis an laghdú

De bhun Airteagal 9 den Rialachán maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, tá dhá ionstraim sa Chúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála, ionstraimí is féidir a úsáid chun na nithe seo a leanas, faoi seach, a mhaoiniú:

a) cúnamh chun freagairt ar chásanna éigeandála a eascraíonn as tubaistí móra a chumhdaítear le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh, a leagtar amach na cuspóirí agus an raon feidhme atá leis i Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle (‘Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh’); agus

b) mearfhreagairtí a thabhairt ar riachtanais shonracha éigeandála laistigh den Aontas nó i dtríú tíortha arna n-eascairt as imeachtaí nach bhféadfaí a thuar nuair a bunaíodh an buiséad, go háirithe le haghaidh práinnfhreagairtí agus oibríochtaí tacaíochta tar éis tubaistí nádúrtha nach gcumhdaítear le pointe (a), tubaistí de dhéanamh an duine, géarchéimeanna daonnúla i gcásanna ina bhfuil bagairtí mórscála ar an tsláinte phoiblí, bagairtí mórscála tréidliachta nó fíteashláintíochta, chomh maith le cásanna ina mbeidh brú faoi leith ag teorainneacha seachtracha an Aontais de bharr sreafaí imirce, i gcás ina n-éilíonn na himthosca amhlaidh (an ‘Cúlchiste um Chabhair Éigeandála’).

Le pointe 10 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua freisin, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach (IIA), leagtar síos na módúlachtaí le haghaidh shlógadh Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE) i gcomhthéacs an Chúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála.

I gcomhréir le hAirteagal 9(2) de Rialachán leasaithe CAI, féadfar aon chuid den mhéid bliantúil, nár úsáideadh i mbliain ar leith ‘n’, a úsáid suas go dtí bliain ‘n+1’. Tugadh anonn ón mbliain airgeadais 2025 go dtí an bhliain airgeadais 2026 méid EUR 449 506.

## Méadú

## a) Ceannteideal

**16 02 01 01 Cúnamh do na Ballstáit i ndáil le himeachtaí atá incháilithe faoi Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE)**

## b) Figiúirí an 29/04/2026

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 50 000 000,00 | 50 000 000,00 |
| 2 Leithreasuithe sa bhuiséad (arna dtabhairt anonn ó bhlianta roimhe sin) | 20 854 849,00 | 20 854 849,00 |
| 3 Aistrithe (lena n-áirítear aistrithe atá le formheas) | 0,00 | 0,00 |
| 4 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2+3) | 70 854 849,00 | 70 854 849,00 |
| 5 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 0,00 | 0,00 |
| **6 Leithreasuithe ar fáil (4-5)** | **70 854 849,00** | **70 854 849,00** |
| **7 An méadú a mholtar** | **215 141 182,00** | **215 141 182,00** |
| **8 Iomlán na leithreasuithe suas go dtí deireadh na bliana (6-7)** | **285 996 031,00** | **285 996 031,00** |
| 9 An méadú mar chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad [7/(1+2)] | 303,64 % | 303,64 % |
| 10 An laghdú, mar chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, ar shuim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach | neamhbhainteach |

## c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt anonn ón mbliain roimhe)

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe ar fáil ag tús na bliana | 0,00 | 0,00 |
| 2 Leithreasuithe ar fáil an 29/04/2026 | 0,00 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | neamhbhainteach | neamhbhainteach |

## d) Forais mhionsonraithe leis an Méadú

I gcomhréir le hAirteagal 4a (4) de Rialachán CDAE, inscríobhadh EUR 50 milliún i mBuiséad Ginearálta 2026 (i ngealltanais agus in íocaíochtaí) le haghaidh réamhíocaíochtaí ar líne bhuiséid 16 02 01 01 a d'fhéadfadh a bheith ann a íoc, in éineacht le méid EUR 20,9 milliún, arna dtabhairt anonn ón mbliain airgeadais 2025.

1. Slógadh CDAE atá ann faoi láthair: iarratais ón Rómáin, ón gCipir agus ón Spáinn

Tar éis na dtuilte a tharla sa Rómáin i ndeireadh mhí na Bealtaine 2025, chomh maith leis na falscaithe sa Chipir agus sa Spáinn (Iúil agus Lúnasa 2025, faoi seach), chuir na trí thír iarratais isteach ar ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Dá bhrí sin, iarrtar aistriú EUR 111,6 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ón gCúlchiste Eorpach Dlúthpháirtíochta chuig líne oibríochtúil CDAE chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit lena mbaineann. Ó tharla gur iarr an Chipir agus an Spáinn réamhíocaíochtaí, ní áirítear sa togra reatha maidir le haistriú na réamhíocaíochtaí a dámhadh (EUR 2,3 milliún a íocadh leis an gCipir in 2025, agus EUR 30,1 milliún atá le dámhachtain don Spáinn ar an gCinneadh cur chun feidhme ón gCoimisiún a ghlacadh).

2. Slógadh CDAE atá ar na bacáin: réamhíocaíochtaí le Málta, leis an bPortaingéil agus leis an Spáinn

Sa bhreis ar an méid a bhaineann leis na hiarratais ón Rómáin, ón gCipir agus ón Spáinn, áirítear freisin sa togra reatha maidir le haistriú méid EUR 103,5 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí chun réamhíocaíochtaí atá ar na bacáin a chumhdach, ar réamhíocaíochtaí iad a bhaineann le hiarratais a cuireadh isteach le déanaí ó Mhálta, ón bPortaingéil agus ón Spáinn.

Tar éis na híocaíochtaí thuasluaite a phróiseáil, fágfar iarmhéid EUR 40,7 milliún ar an líne bhuiséid chun iarratais nua a d'fhéadfadh a bheith ann ar airleacain a chumhdach le linn 2026.

## ANNEX

## COMMISSION TRANSFER PROPOSALS RELATED TO THE EUROPEAN SOLIDARITY RESERVE IN 2026

The table below shows the transfer proposals transmitted to the Budgetary Authority to date during 2026, which relate to the European Solidarity Reserve (ESR), and the remaining amount under the ESR following the approval of these proposals, including any carried over appropriations.

| **Content** | **TOTAL** | *European Solidarity Reserve* | *European Solidarity Fund operational line 16 02 01 01* | *European Solidarity Fund operational line 16 02 01 02* |
|---|---|---|---|---|
| **(1) General Budget 2026 - Initial appropriations** | **1.211.710.286** | **1.140.855.437** | **70.854.849** | |
| *(2) Out of which, voted budget 2026, main allocation* | ***842.804.448*** | *842.804.448* | | |
| *(3) Out of which, voted budget 2026 - EUSF advances (Article 4a EUSF Regulation)* | ***50.000.000*** | | *50.000.000* | |
| *(4) Out of which, carried over appropriations* | ***21.304.355*** | *449.506* | *20.854.849* | |
| *(5) Out of which, end of year cushion (until 30/09)* | ***297.601.483*** | *297.601.483* | | |
| **(6) Advance payments** | **-133.634.319** | **-103.496.605** | **-30.137.714** | |
| *(7) Out of which, DEC 08/2026 transfer proposal* | | *-103.496.605* | *103.496.605* | |
| *(8) Out of which, payment of advances to Spain (*)* | ***-67.401.557*** | | *-67.401.557* | |
| *(9) Out of which, payment of advances to Portugal* | ***-65.370.952*** | | *-65.370.952* | |
| *(10) Out of which, payment of advances to Malta* | ***-861.810*** | | *-861.810* | |
| **(11) Mobilisation of the European Union Solidarity Fund to provide assistance to Romania, Cyprus and Spain relating to floods and wildfires occurred in 2025. COM(2026) 1002** | **-111.644.577** | **-111.644.577** | | . |
| *(12) DEC accompanying Mobilisation COM(2026) 1002 - DEC 08/2026* | | *-111.644.577* | *111.644.577* | |
| *(12.1) Payment to Romania, Cyprus and Spain* | ***-111.644.577*** | | *-111.644.577* | |
| **Remainder (1) + (6) + (11)** | **966.431.390** | **925.714.255** | **40.717.135** | |

(*) Spain requested an advance payment of EUR 30 137 714 from the EUSF in relation to the wildfires which occurred in August 2025. Upon adoption of the related Commission Implementing Decision, this amount will be consumed directly from the appropriations already available on the EUSF operational budget line.